Gailearaí Ealaíne Crawford | Crawford Art Gallery




# An Todhchaí a Mhúnlú
# Gailearaí Ealaíne Crawford
# Straitéis 2024 - 2027

Meitheamh 2024

# Brollach

Is cúis áthais dom ár bplean straitéiseach a chur i láthair, “*Gailearaí Ealaíne Crawford na Todhchaí a Mhúnlú: 2024-2027”.*

Tagann an plean straitéiseach seo i dtréimhse spreagúil le haghaidh Ghailearaí Ealaíne Crawford mar go gclúdaíonn sé tréimhse ina ndéanfar infheistíocht mhór in athfhorbairt ár bhfoirgneamh ag Plás Emmet i gCorcaigh. Laistigh den tréimhse idir 2024 agus 2027, dúnfar na foirgnimh ar fad, déanfar scinceáil agus athfhorbairt orthu, agus osclófar Gailearaí leathnaithe feabhsaithe ina mbeidh saoráidí gaolmhara agus spásanna poiblí.

Agus ár dtodhchaí á meas againn le linn dúinn an straitéis seo a ullmhú, rinneamar machnamh ar a mhéid a d’athraigh domhan ó bhí paindéim Covid ann agus ar an tábhacht nua atá ag Crawford, a bhailiúchán agus a fhoirgnimh ar an domhan athraithe seo. I dtréimhse ama na straitéise seo, déanfaimid infheistíocht shuntasach i gcaomhnú agus i leathnú na hinstitiúide seo ionas gur féidir léi leanúint de bheith ina foinse inspioráide do na glúnta, agus tá an t-ádh linn a bheith in ann é sin a dhéanamh i gcomhar le hOifig na nOibreacha Poiblí agus le tacaíocht mhaoinithe trí chlár Thionscadal Éireann 2040 an rialtais.

Agus ár máistirphlean forbartha i bhfeidhm, is maith atá Gailearaí Ealaíne Crawford in ann cur le forbairt chathair Chorcaí agus an réigiúin níos leithne sna blianta amach romhainn, agus táimid ag tnúth go mór leis an rannchuidiú sin a dhéanamh. Próiseas comhoibritheach a bhí in ullmhú an phlean straitéisigh seo ina raibh an Bord, an fhoireann, páirtithe leasmhara agus pobail páirteach, agus táimid an-bhuíoch do gach duine a thug a gcuid ama agus léargais; is iad a mhúnlaigh an treo straitéiseach. Táimid ag tnúth leis an todhchaí, agus tá a fhios againn go leanfaidh Gailearaí Ealaíne athfhorbartha agus athnuaite Crawford le ról tábhachtach a imirt i saol cultúrtha agus cathartha Chorcaí, na hÉireann agus níos faide i gcéin.

Rose McHugh,
Cathaoirleach,
Gailearaí Ealaíne Crawford

Is eagraíocht é Gailearaí Ealaíne Crawford a bhíonn ag athrú agus ag oiriúnú de shíor d’fhachtóirí comhshaoil seachtracha. Clúdóidh an straitéis sin tráth cinniúnach inár bhforbairt.

Mar fhoireann, táimid ar bís glacadh leis na deiseanna a chuirtear ar fáil dúinn chun Gailearaí Ealaíne Crawford a chur chun cinn. Bímid aireach ár mbunbhrí a chaomhnú ach a bheith ag cur leis na deiseanna is féidir linn a chruthú dár lucht féachana agus dár bpobail chruthaitheacha. Táimid tiomanta ár struchtúir a thógáil ionas gur fearr is féidir linn ár n-uaillmhianta comhchoiteanna a bhaint amach.

Táimid an-bhuíoch den Roinn Turasóireachta Ealaíon, Cultúir, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, Oifig na nOibreacha Poiblí, Fáilte Éireann agus dár bpáirtithe leasmhara agus lucht féachana uile a thacaíonn linn agus a spreagann sinn le beart a dhéanamh.

Máire McCarthy
Stiúrthóir,
Gailearaí Ealaíne Crawford



**Rose McHugh**
Cathaoirleach, Gailearaí Ealaíne Crawford
Creidmheas Grianghraif: John Allen



**Máire McCarthy**
**Stiúrthóir,** Gailearaí Ealaíne Crawford
Creidmheas Grianghraif: Clare Keogh

# Sracfhéachaint ar Ghailearaí Ealaíne Crawford



**3**
fhoirgnimh ar shuíomh amháin i lár Chorcaí, ceithre fhoirgneamh a bheidh ann go luath

**3,000+**
Saothar amharc-ealaíne

Saothair ealaíne thar tréimhse
**7**
gCéad

**250,000+**
cuairteoir Éireannach agus idirnáisiúnta gach bliain

Ar na
**5**
dhíol spéise turasóireachta is mó i gCorcaigh

**7**
Oscailte 7 lá

# Réamhrá agus Comhthéacs

Is é Gailearaí Ealaíne Crawford an t-aon institiúid chultúrtha náisiúnta atá suite go hiomlán lasmuigh de Bhaile Átha Cliath, é lonnaithe i Sean-Teach Custaim Chorcaí san 18ú hAois i gCathair Chorcaí. Tá bailiúchán sainiúil ag an nGailearaí a chuimsíonn raon éagsúil de bheagnach 4,000 saothar ó phéintéireacht agus dealbhóireacht na hÉireann agus na hEorpa idir an t-ochtú haois déag agus suiteálacha comhaimseartha. Ní hamháin go mbíonn Gailearaí Ealaíne Crawford 'ag bailiú, ag cosaint, ag coinneáil, ag forbairt agus ag léirmhíniú bailiúchán', ach cuireann sé inrochtaineacht (seacht lá sa tseachtain) an bhailiúcháin náisiúnta amharcealaíon chun cinn freisin trína shaoráidí do thaispeántais, taibhléirithe, léiriúcháin, léachtaí, turais agus cláir amhail 'Foghlaim agus Fiosraigh'.

Cuirfear tús le hathfhorbairt an Ghailearaí, Tionscadal Caipitil an Phlean Forbartha Náisiúnta, arna sheachadadh i gcomhpháirtíocht le hOifig na nOibreacha Poiblí agus Rialtas na hÉireann, i bhFómhar 2024. Comhlánóidh agus feabhsóidh sé gníomhaíochtaí agus eispéiris atá ann cheana, agus cruthóidh sé eispéireas spreagúil, dinimiciúil agus cuimsitheach a dhéanfaidh athrú ó bhonn ar an sráid-dreach, an tírdhreach cathrach agus an tírdhreach cultúrtha i gCorcaigh. Leanfaidh Gailearaí Ealaíne Crawford de bheith ina mhol cruthaitheach agus cultúrtha, ina chatalaíoch agus ina rannchuiditheoir le lár chathair Chorcaí agus le bonneagar réigiúnach níos leithne agus beidh sé ina phríomhthairiscint turasóireachta cultúrtha do chónaitheoirí, do chuairteoirí agus d'earnáil an chultúir agus na hoidhreachta in Éirinn.

Le hathfhorbairt agus le dúnadh gaolmhar an fhoirgnimh, tá deis ann do mhachnamh straitéiseach, smaointeoireacht nuálach, pleanáil ghníomhach, agus cur i bhfeidhm roinnt tionscadal dírithe. I measc na bpríomhréimsí gníomhaíochta le linn an dúnta beidh: an bailiúchán a chosaint; tionscnaimh for-rochtana, tionscnaimh lasmuigh den láthair agus tionscnaimh ar líne chun cumarsáid agus nasc a choinneáil le healaíontóirí, le lucht féachana agus leis an bpobal áitiúil; agus samhail deartha agus seachadta na heagraíochta a athmhúnlú chun í a chur in oiriúint do scála na tairisceana a bheidh indéanta amach anseo.

Cumhdaítear leis an straitéis sin an tréimhse go dtí deireadh 2027: déanfar an tógáil agus an t-aistriú ón láthair go déanach in 2024 agus is é deireadh 2027 an tréimhse ama atá beartaithe chun bogadh ar ais agus chun athoscailt. Cuireann an straitéis seo in iúl an uaillmhian don todhchaí athshamhlaithe, leathnaíonn sí cuspóir Ghailearaí Ealaíne Crawford chun scála na huaillmhéine a chuirtear ar fáil tríd an athfhorbairt a oiriúnú agus leagann sí amach na tosaíochtaí agus na gníomhartha straitéiseacha a stiúrfaidh Gailearaí Ealaíne Crawford i dtreo an fhís agus an cuspóir a bhaint amach agus cinnteoidh sí go n-urramaítear na luachanna trí Ghailearaí Ealaíne Crawford agus go mbeidh siad ar fáil do na páirtithe leasmhara go léir.

Cé gurb é tógáil an fhoirgnimh nua cúlra an phlean straitéisigh seo, is é fócas na straitéise cruth a chur ar an athfhorbairt athshamhlaithe sa todhchaí. Is éard a bheidh i gceist leis seo an eagraíocht, an cumas, an acmhainneacht, an bonn acmhainní a shainiú agus a dhearadh chun go ligfear don Ghailearaí forbairt mar ionad oibre a spreagann fostaithe agus a urramaíonn agus a chosnaíonn folláine fostaithe ar bhealach atá ag teacht le cuspóir na heagraíochta nua.

Ag croílár na straitéise tá an fonn leanúint ar aghaidh le bheith ag roinnt an bhailiúcháin náisiúnta trí thaispeántais agus cláir atá inrochtana do lucht féachana éagsúil cuairteoirí náisiúnta agus idirnáisiúnta, foghlaimeoirí agus an phobail áitiúil ar bhealaí nuálacha agus tumthacha. Tá sé mar aidhm ag an bplean seasamh an Ghailearaí mar institiúid chultúrtha náisiúnta a neartú trína fhoirgneamh, a phobal, agus a bhailiúchán agus trína shraith spreagúil, fhorásach agus spreagúil de chláir amharcealaíon i spás íocónach ealaíon atá ionchurtha leis an mbailiúchán náisiúnta agus a oireann do cineálacha éagsúla lucht féachana.

Cé gurb í seo an straitéis eagraíochta ardleibhéil, tá roinnt straitéisí tacaíochta ann atá / a bheidh mar chuid den struchtúr straitéiseach foriomlán go dtí deireadh 2027 agus ba cheart na doiciméid seo a mheas ina n-iomláine e.g. an Straitéis Athshocraithe, an Straitéis Cumarsáide, an Straitéis Bainistithe Acmhainní, an Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide. Cuirfidh na doiciméid sin sonraí ar fáil amach anseo maidir le gníomhaíochtaí agus cúraimí sonracha a bheidh ríthábhachtach chun an todhchaí inmhianaithe a mhúnlú agus chun aistriú rianúil a chruthú d'fhostaithe agus do lucht féachana tar éis na hathoscailte.

# Fís 2024-2027

“Gailearaí ealaíne poiblí níos inrochtana a chruthú a nascann daoine, saothair ealaíne agus cleachtas ealaíon agus a théann i ngleic le cineálacha éagsúla lucht féachana ar bhealaí atá ag smaoineamh chun cinn, atá cuimsitheach agus atá samhlaíoch”.

# Cuspóir 2024-2027

Trí Chlársceidealú, Bailiúchán agus Foirgnimh Ghailearaí Ealaíne Crawford - déanann sé iniúchadh ar an todhchaí, déanann sé machnamh ar an am i láthair agus nochtann sé an t-am atá thart, ar bhealach lena gcruthaítear comhráite tarraingteacha thar na hamlínte, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- an bailiúchán saothar ealaíne a chaomhnú agus a leathnú;
- an bailiúchán a léirmhíniú chun eispéireas an chuairteora a fheabhsú;
- clár dinimiciúil taispeántas, imeachtaí, comhráite agus deiseanna[1] foghlama tumthacha a chur ar fáil bunaithe ar leasanna ár lucht féachana agus ár bpobal éagsúil;
- tuiscint agus cleachtas na hamharc-ealaíne a fhorbairt agus a chur chun cinn;
- saol cultúrtha, sóisialta agus cathartha Chorcaí, na cathrach, an réigiúin agus na hÉireann i gcoitinne a shaibhriú.

[1] lasmuigh den láthair agus go digiteach go dtí lár 2027 agus san fhoirgneamh athfhorbartha ó chur i gcrích an tionscadail ar aghaidh

# 2024-2027 Riachtanas Straitéiseach

"Leanfaidh Gailearaí Crawford de bheith ag roinnt agus ag leathnú an bhailiúcháin náisiúnta agus ag cur cleachtas agus foghlaim ealaíne chun cinn le linn na hathfhorbartha, trí bheith ag baint úsáide as ilbhealaí rannpháirtíochta agus cumarsáide chun ár nasc lenár lucht féachana agus ealaíontóirí a choinneáil".

# Ár Luachanna

Tá Crawford á threorú ag sraith croíluachanna a mhúnlaíonn ár ngníomhartha, ár gcinntí agus ár n-idirghníomhaíochtaí lenár bpáirtithe leasmhara:

## Oscailte agus Cuimsitheach

Aithnímid gur bailiúchán poiblí atá againn agus táimid tiomanta d'uasmhéadú a dhéanamh ar an rochtain a chuirimid ar fáil dóibh siúd go léir ar spéis leo a bheith bainteach leis an mBailiúchán, na Taispeántais agus na Foirgnimh. Agus é sin á dhéanamh againn, déanaimid ár ndícheall éagsúlacht ár gcuairteoirí, ár bhfoghlaimeoirí agus ár bpobail a chur san áireamh agus cloí leis na caighdeáin is airde maidir le maoirseacht chomhshaoil, freagracht shóisialta agus inbhuanaitheacht fhadtéarmach.

## Fáiltiúil

Aithnímid an deis a bheith inár n-eagraíocht a chuireann fáilte roimh dhaoine agus atá tiomanta do chaighdeáin den scoth seirbhísí a sholáthar dár lucht féachana uile. Geallaimid go n-éistfimid go gníomhach leis na rudaí a theastaíonn ónár gcuairteoirí, ónár bhfoghlaimeoirí agus ónár bpobail agus go bhfoghlaimeoimid fúthu.

## Tacúil agus Cuimsitheach

Creidimid go paiseanta i dtacaíocht a thabhairt dár bhfostaithe agus luach a bheith againn orthu agus creidimid sa neart a bhaineann le bheith ag obair i gcomhar le healaíontóirí agus comhpháirtíochtaí agus comhghuaillíochtaí láidre náisiúnta agus idirnáisiúnta a thógáil.

## Léargasach agus Freagrach

Cuirimid comhroinnt eolais chun cinn in go leor foirmeacha éagsúla agus cuirimid giniúint léargais nua chun cinn trí bhíthin taispeántas, foilseachán agus tionscadal.

Cruthóimid deiseanna chun comhráite a bheith againn, chun a bheith ag éisteacht, ag foghlaim, agus ag roinnt, rudaí as a dtiocfaidh eolas agus léargais a threoróidh sinn mar eagraíocht oscailte chuimsitheach.

# AN BEALACH A mBAINFIMID SIN AMACH: FÍS, LUACHANNA, CUSPÓIR, RIACHTANAS STRAITÉISEACH, TOSAÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA

## Fís agus Luachanna 2024 - 2027

“Gailearaí ealaíne poiblí níos inrochtana a chruthú a nascann daoine, saothair ealaíne agus cleachtas ealaíon agus a théann i ngleic le cineálacha éagsúla lucht féachana ar bhealaí atá ag smaoineamh chun cinn, atá cuimsitheach agus atá samhlaíoch”.

**Oscailte agus Cuimsitheach Fáiltiúil | Urramach agus Comhbhách | Léargasach agus Freagrach**

## Cuspóir 2024 - 2027

“Trí Chlársceidealú, Bailiúchán agus Foirgnimh Ghailearaí Ealaíne Crawford - déanann sé iniúchadh ar an todhchaí, déanann sé machnamh ar an am i láthair agus nochtann sé an t-am atá thart, ar bhealach lena gcruthaítear comhráite tarraingteacha thar na hamlínte, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- an bailiúchán saothar ealaíne a chaomhnú agus a leathnú;
- an bailiúchán a léirmhíniú chun eispéireas an chuairteora a fheabhsú;
- clár dinimiciúil taispeántas, imeachtaí, comhráite agus deiseanna foghlama tumthacha a chur ar fáil1 bunaithe ar leasanna ár lucht féachana agus ár bpobal éagsúil;
- tuiscint agus cleachtas na hamharc-ealaíne a fhorbairt agus a chur chun cinn;
- saol cultúrtha, sóisialta agus cathartha Chorcaí, na cathrach, an réigiúin agus na hÉireann i gcoitinne a shaibhriú.”

## Riachtanas Straitéiseach 2024 - 2027

“Leanfaidh Gailearaí Crawford de bheith ag roinnt agus ag leathnú an bhailiúcháin náisiúnta agus ag cur cleachtas agus foghlaim ealaíne chun cinn le linn na hathfhorbartha, trí bheith ag baint úsáide as ilbhealaí rannpháirtíochta agus cumarsáide chun ár nasc lenár lucht féachana agus ealaíontóirí a choinneáil”.

**Nuálaíocht agus Claochlú** | **Cumarsáid agus Ceangal** | **Daoine** | **Comhoibriú agus Pobal**

## Tosaíochtaí Straitéiseacha

# Tosaíochtaí Straitéiseacha

Tosaíocht Straitéiseach

**Nuálaíocht agus Claochlú**

*Acmhainneacht an spáis nua a uasmhéadú trí úsáid a bhaint as cainéil agus uirlisí digiteacha chun eispéiris agus rannpháirtíocht thumthach a sholáthar do chuairteoirí trí ghlacadh le bealaí nuálacha chun an bailiúchán agus tionscadail a bhainistiú agus a chur i láthair.*

Tosaíocht Straitéiseach

**Comhoibriú agus Pobal**

*Coinneoidh Gailearaí Ealaíne Crawford ealaíontóirí, lucht féachana agus riachtanais phobail i gcroílár eispéireas an fhoirgnimh, an bhranda agus an lucht féachana trí phobail chomhoibritheacha agus thacúla agus comhpháirtíochtaí straitéiseacha a thógáil go háitiúil, go réigiúnach, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.*

Tosaíocht Straitéiseach

**Daoine**

*Tionchar bríoch a sholáthar dár n-ealaíontóirí, dár lucht féachana agus don phobal mar fhoireann chomhtháite trí chultúr dearfach agus cuimsitheach a chothabháil ina mbaineann gach fostaí taitneamh as gairmeacha fiúntacha, ina mbraitheann siad go bhfuil meas orthu, ina bhfuil deiseanna acu le haghaidh forbairt phearsanta.*

Tosaíocht Straitéiseach

**Cumarsáid agus Ceangal**

*Raon feidhme agus scála Ghailearaí Ealaíne Crawford amach anseo a thógáil trí chumarsáid ilchainéil atá oscailte agus chuimsitheach a choinneáil le páirtithe leasmhara agus le fostaithe.*

# Nuálaíocht agus Claochlú

Le hathfhorbairt an fhoirgnimh, tá deis chlaochlaitheach nach bhfacthas a leithéid cheana ag Gailearaí Ealaíne Crawford lena mbaineann deis chuí maille le riachtanas maidir le nuálaíocht agus claochlú ar an taithí a bheidh ag daoine ar an nGailearaí mar áit le bheith ag obair ann (cumhdaithe faoi Dhaoine freisin) agus mar áit le cuairt a thabhairt uirthi a luaithe a athosclófar é. Tá leathnú ar theorainneacha an mhéid is féidir a dhéanamh maidir le cur i láthair an bhailiúcháin, úsáid an spáis, cláir agus imeachtaí nuálacha agus teicneolaíocht thumthach agus táthar ag leanúint de bhealaí níos dinimiciúla agus níos beoga a sholáthar chun eispéireas Ghailearaí Ealaíne Crawford a roinnt ar bhealaí níos éagsúla de shíor.

Tá Gailearaí Ealaíne Crawford tiomanta do bheith ar thús cadhnaíochta i ndearadh agus seachadadh nuálach eispéiris lucht féachana atá ilchéadfach agus tumthach. Is láidre ná riamh an tiomantas sin mar gheall ar an ngá atá le claochlú an fhoirgnimh a léiriú mar chuid d'eispéireas agus leibhéal rannpháirtíochta idir ealaíontóirí agus lucht féachana a mbeidh claochlú air. Le bealaí cumarsáide agus rannpháirtíochta níos doimhne agus níos éagsúla ag Gailearaí Ealaíne Crawford, beidh sé ábalta a bheith dílis dár luachanna maidir leis an éisteacht agus an fhoghlaim ghníomhach agus maidir le bheith ag freagairt do riachtanais ealaíontóirí, lucht féachana agus comhpháirtithe.

Déanfar iniúchadh ar bhealaí nuálacha chun cumarsáid a dhéanamh, teagmháil a dhéanamh agus nascadh a dhéanamh agus tabharfar tús áite dóibh nuair a théann siad i bhfeidhm ar ár dtiomantas cultúr nuálaíochta ardfheidhmíochta agus eispéireas lucht féachana a chruthú.

## Cuspóir Straitéiseach

Acmhainneacht an spáis nua a uasmhéadú trí úsáid a bhaint as bealaí agus uirlisí digiteacha chun eispéiris agus rannpháirtíocht ilchéadfach agus tumthach a sholáthar do chuairteoirí agus d'fhoghlaimeoirí trí ghlacadh le bealaí nuálacha chun an bailiúchán a bhainistiú agus a chur i láthair.

## Spriocanna:

- An tréimhse dúnta a úsáid chun tús áite a thabhairt do dhearadh 'samhail ghnó' nuálaíochta incrimintí, trí úsáid a bhaint as aiseolas ó fhostaithe agus taighde margaidh chun dul i ngleic leis an timpeallacht oibre agus oibriúcháin atá ag teacht chun cinn, le heispéiris cuairteoirí agus foghlaimeoirí a sheasfaidh an aimsir agus chun margaíocht agus cumarsáid a nuáil go leanúnach.
- Cultúr nuálaíochta ardfheidhmíochta a chruthú ina ndéantar athbhreithniú comhsheasmhach ar bhealaí oibre lena chinntiú go bhfuil Gailearaí Ealaíne Crawford ag baint amach a fhís agus a chuspóir agus go ndeartar gníomhaíocht agus cláir a dhearadh le comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú i gcuimhne.

## Príomhghníomhaíochtaí Straitéiseacha:

| | |
|---|---|
| **An Digitiú agus an Digiteáil** | Plean a cheapadh chun bailiúcháin, cartlanna agus taispeántais a dhigitiú ionas go mbeidh rochtain orthu le linn na tréimhse dúnta agus ina diaidh agus chun feasacht agus rochtain ar Ghailearaí Ealaíne Crawford a mhéadú do lucht féachana náisiúnta agus idirnáisiúnta. Pleanáil chun próisis agus nósanna imeachta inmheánacha a dhigitiú ar féidir iad a chuíchóiriú agus a dhéanamh níos éifeachtúla / níos neamh-ídithí ó thaobh ama de. |
| **Teicneolaíocht Thumthach** | Sainigh conas is féidir teicneolaíocht thumthach agus teicneolaíocht atá ag teacht chun cinn a chomhtháthú go dearfach in eispéireas an fhostaí, an fhoghlaimeora agus an chuairteora. Bealaí gearrthéarmacha a fhiosrú chun an bailiúchán a bheochan agus infheictheacht a choinneáil le linn dhúnadh an fhoirgnimh, rud a dtabharfar tús áite dó ar dtús, agus béim níos fadtéarmaí á leagan ar chomhtháthú agus beochan na teicneolaíochta tar éis athoscailte. Ba cheart cásanna úsáide agus an indéantacht i dtaca le IS, AR, VR, taispeántais dhigiteacha, léirmhíniú / cur i láthair iltoiseach agus le ciorclaíocht an bhailiúcháin a fhorbairt. |
| **Inbhuanaitheacht** | Cleachtais atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a shainiú agus a chur chun feidhme ar fud na hinstitiúide agus an fhoirgnimh (le linn na tógála agus na hathoscailte), cleachtais atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a chur chun cinn i dtaispeántais agus in oibríochtaí, tomhaltas fuinnimh a laghdú, bainistiú dramhaíola, cleachtais atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, e.g. taisteal inbhuanaithe, slabhraí soláthair inbhuanaithe a úsáid etc. |
| **Inrochtaineacht** | A chinntiú go gcloíonn an spás, an t-ionad oibre, an bailiúchán, na taispeántais agus na cláir nua le prionsabail an chomhionannais, na héagsúlachta agus an chuimsithe trí smaointeoireacht dearaidh úsáideora/chuimsitheach a chur i bhfeidhm. |
| **Taighde** | An tréimhse dúnta a úsáid chun taighde a dhéanamh ar threochtaí sa teicneolaíocht agus i roghanna, riachtanais agus ionchais lucht féachana agus cisteoirí. Freagairtí oiriúnacha ar na treochtaí sainaitheanta maidir le hathoscailt a ionchorprú. An méid a foghlaimíodh agus na pleananna a chur in iúl don fhoireann le linn an dúnta d'fhonn cultúr nuálaíochta a leabú tar éis athoscailte. |
| **KPInna** | Príomhtháscairí feidhmíochta (KPInna) a bhunú chun tionchar agus éifeachtacht na nuálaíochta agus an chlaochlaithe a thomhas, amhail méadracht rannpháirtíochta, méadú ar an rochtain a bhíonn ag an lucht féachana ar aiseolas ón bpobal agus líon na gcuairteoirí agus na bhfoghlaimeoirí (i gcás inarb iomchuí). |

# Comhoibriú agus Pobal

Nuair a bheidh Gailearaí Ealaíne Crawford atógtha, beidh sé de chumas aige rochtain níos leithne agus níos mó a bheith aige, pobal éagsúil páirtithe leasmhara: réimse níos leithne ealaíontóirí a bheith ag fáil tacaíochta ina gcuid oibre; institiúidí cultúrtha agus gnólachtaí turasóireachta eile ar féidir leo infheictheacht an Ghailearaí a mhéadú le linn na hathfhorbartha agus lenar féidir eispéireas cultúrtha cnuasaithe a chruthú; maoinitheoirí, urraitheoirí agus deontóirí éagsúlaithe a chumasaíonn fás an bhailiúcháin agus na gclár, agus, níos tábhachtaí fós, leathnú a dhéanamh ar an bpobal ar féidir an bailiúchán agus na cláir a roinnt leo sa spás athfhorbartha; áit a gcuirfidh an Gailearaí áit thaitneamhach, rannpháirtíochta agus foghlama ar fáil don phobal áitiúil agus do lucht féachana náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Tá sé ríthábhachtach móiminteam a chruthú agus a choinneáil trí chomhoibriú réamhghníomhach agus tiomanta, mar atá caidrimh atá ann cheana a chothú agus a neartú agus comhpháirtíochtaí agus comhoibrithe nua a thógáil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

## Cuspóir Straitéiseach

Coinneoidh Gailearaí Ealaíne Crawford ealaíontóirí, lucht féachana agus riachtanais phobail i gcroílár eispéireas an fhoirgnimh, an bhranda agus an lucht féachana trí phobail chomhoibritheacha agus thacúla agus comhpháirtíochtaí straitéiseacha a thógáil go háitiúil, go réigiúnach, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

## Spriocanna:

- Creat tacúil páirtithe leasmhara a thógáil ina mbeidh comhpháirtíochtaí straitéiseacha agus cuiditheacha a bheidh in ann cur le forbairt Gailearaí amharcealaíon a mbeidh aitheantas idirnáisiúnta aige.
- A chinntiú go dtugann ár ndaoine go léir tiomantas agus go dtacaítear leo chun an leibhéal is airde seirbhíse a sholáthar do pháirtithe leasmhara ar fud gach idirghníomhaíochta le páirtithe leasmhara.
- Múnla eispéireas cuairteoirí a dhearadh (lena n-áirítear daoine, áit, bailiúchán, clár, léirmhíniú, teicneolaíocht, etc.), atá dírithe ar an bpobal áitiúil agus ar chuairteoirí áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta, chun an t-eispéireas agus an fháilte a chur ar fáil, agus iad méadaithe chun freastal ar na hionchais mhéadaithe a bhaineann le háit agus le spás atá níos mó.

## Príomhghníomhaíochtaí Straitéiseacha:

**Léarscáil Páirtithe Leasmhara**

Léarscáil páirtithe leasmhara a chruthú chun príomhpháirtithe leasmhara a shainiú ar cheart do Ghailearaí Ealaíne Crawford comhoibriú leo, le linn agus tar éis na hathfhorbartha, chomh maith leis an bhfáth a bhfuil siad tábhachtach, an fáth a mbeadh suim acu comhoibriú, a n-iarraidh ar Ghailearaí Ealaíne Crawford, iarraidh Ghailearaí Ealaíne Crawford orthu sin, príomhtheachtaireachtaí, príomhchainéil chumarsáide, príomhthionchairí, gníomhaíochtaí pleanáilte agus torthaí inmhianaithe.

**Plean Margaíochta Comhoibritheach**

Plean margaíochta comhoibritheach a chruthú le príomhpháirtithe leasmhara chun cur chuige méadaithe a chinntiú maidir le cumarsáid i ndáil le Gailearaí Ealaíne Crawford a athfhorbairt, a athoscailt agus a atógáil. Forbairt agus comhroinnt ábhair chomhoibríoch a phleanáil chun lucht féachana níos éagsúla a shroicheadh.

**For-rochtain**

Cláir for-rochtana, nó tionscadail chomhoibríocha le tionscadail ealaíne poiblí oiriúnacha, féilte, imeachtaí, ealaíontóirí, scoileanna, grúpaí pobail, etc. a eagrú chun leanúint de bhailiúchán agus cláir Ghailearaí Ealaíne Crawford a chur chun cinn, infheictheacht an bhranda a chothabháil agus teachtaireacht dhearfach ghealltanas na hathfhorbartha agus na hathoscailte a scaipeadh.

**Comhpháirtíochtaí Straitéiseacha**

Comhpháirtíochtaí a thógáil agus a leathnú le hinstitiúidí cultúrtha eile, le hollscoileanna, le gnólachtaí agus le heagraíochtaí pobail chun acmhainní, saineolas agus líonraí a ghiaráil le haghaidh tionscadail agus tionscnaimh chomhoibríocha.
Caidrimh a bhunú le teagmhálaithe idirnáisiúnta a bhféadfadh suim a bheith acu i maoiniú, urraíocht nó tabhartas a thabhairt don bhailiúchán agus/nó do ghníomhaíochtaí agus tionscnaimh Ghailearaí Ealaíne Crawford amach anseo.

**Eispéiris Chultúrtha Chnuasaithe**

An nasc atá ann cheana le hinstitiúidí cultúrtha náisiúnta eile agus le gnólachtaí turasóireachta cultúrtha áitiúla agus réigiúnacha a neartú le linn na tréimhse dúnta d’fhonn slabhra d’eispéiris chultúrtha náisiúnta agus cnuasach d’eispéiris áitiúla agus réigiúnacha a phleanáil.

# Daoine

Rinneadh iarracht chomhbheartaithe le blianta beaga anuas cultúr dearfach tiomanta a thógáil a ndearnadh tagairt dó go minic sa phróiseas comhairliúcháin. Beidh sé tábhachtach an cultúr agus folláine na foirne a chosaint i gcomhthéacs na hoibre lasmuigh den láthair oibre agus nuair a fhásfaidh an eagraíocht agus líon na bhfostaithe chun na leibhéil acmhainní a theastaíonn ón spás níos mó, athfhorbartha, níos nuálaí a chomhlíonadh.

Is deis í an tréimhse dúnta chun machnamh agus plé a dhéanamh agus chun bealaí nua oibre a shainiú i dteannta a chéile le linn na tréimhse dúnta agus ina diaidh. Tá fráma ama na straitéise seo oiriúnach chun cur leis an acmhainneacht a cuireadh le hacmhainní daonna le déanaí agus chun a chinntiú go bhfuil na beartais agus na nósanna imeachta i bhfeidhm a éascóidh foireann níos mó a mhealladh, a fhorbairt agus a choinneáil.

Beidh bainistíocht athraithe agus claochlaithe ina bpríomhscileanna a bheidh ag teastáil ó gach ball foirne, go háirithe ón bhfoireann shinsearach ceannaireachta.

Le scileanna agus cumais a thógáil chun freastal ar riachtanais athraitheacha lucht féachana méadaithe, cinnteoidh foghlaimeoirí agus an phobail áitiúil agus deiseanna teicneolaíochta go bhforbróidh an bunachar scileanna i nGailearaí Ealaíne Crawford de réir riachtanais feidhmeanna agus róil amach anseo. Forbairt agus infheistiú i ndaoine agus oiliúint agus tacaíochtaí a chur ar fáil, sin riachtanas lárnach d'inbhuanaitheacht fhadtéarmach eagraíochta.

## Cuspóir Straitéiseach

Tionchar bríoch a sholáthar dár n-ealaíontóirí, dár lucht féachana agus don phobal mar fhoireann chomhtháite trí chultúr dearfach agus cuimsitheach a chothabháil ina mbaineann gach fostaí taitneamh as gairmeacha fiúntacha, ina mbraitheann siad go bhfuil meas orthu, ina bhfuil deiseanna acu le haghaidh forbairt phearsanta.

## Spriocanna:

- Creat eagraíochtúil a thógáil a bhaineann leas as scileanna agus cumais uathúla Ghailearaí Ealaíne Crawford chun tionchar a imirt ar ealaíontóirí, lucht féachana agus foghlaimeoirí atá ag teacht leis na hionchais atá ag institiúid chultúrtha náisiúnta fhorásach.
- Tús áite a thabhairt don fholláine le linn na tréimhse dúnta agus ina diaidh chun a chinntiú go mbeidh meas ar ár ndaoine, go dtabharfar luach saothair dóibh agus go spreagfar iad.
- A chinntiú go dtógfar ionchais maidir le gealltanas an Ghailearaí atógtha amach anseo, agus a bheith oscailte agus macánta faoin méid is féidir a dhéanamh le linn na tréimhse dúnta.

## Príomhghníomhaíochtaí Straitéiseacha:

**Rannpháirtíocht Fostaithe**

Straitéis rannpháirtíochta agus cumarsáide fostaithe a fhorbairt lena n-éascófar prionsabal tús áite don duine le haghaidh na tréimhse athfhorbartha agus ina dhiaidh sin, lena n-áiritheofar timpeallacht atá comhoibríoch, éagsúil, aclaí, spreagúil agus a bhfuil luach saothair ann.

**Togra maidir le Luach Fostaí**

Sainmhínigh cad a thairgeann Gailearaí Ealaíne Crawford chun daoine a mhealladh agus a choinneáil. Leanúint dár gcultúr comhoibríoch a thógáil agus de chonairí gairme suimiúla a thairiscint.

**Straitéis Acmhainní Daonna**

Acmhainneacht a thabhairt dár bhFeidhm Acmhainní Daonna chun tacú le cuspóir an Phobail. Straitéis chuimsitheach acmhainní daonna a fhorbairt ina gcuirfear riachtanais maoinitheora, lucht féachana agus foghlaimeora san áireamh, lena gcuimseofar sealbhú agus coinneáil tallainne, oiliúint agus forbairt (chun scileanna boga agus crua a ionchorprú).

**Creat Acmhainní Daonna**

Creat lárnach a cheapadh a cheapfar d'aon ghnó chun saineolas a mhealladh, a chothú agus a choinneáil agus chun cultúr feidhmíochta scileanna agus cumais a áirithiú.

**Cur Chuige Forásach**

Beartais fhorásacha agus nuálacha a chur chun feidhme san ionad oibre maidir le héagsúlacht agus cuimsiú agus obair hibrideach, arna gcomhtháthú le FSC agus le gníomhaíochtaí sóisialta, chun idirdhealú a dhéanamh idir tairiscint ár bhfostaithe.

**Branda an Fhostóra**

Cultúr dea-shainithe pobail a chur chun cinn agus aitheantas a bheith aige mar institiúid chultúrtha náisiúnta fhorásach a shainiú.

# Cumarsáid agus Ceangal

Tá cumarsáid inmheánach agus sheachtrach araon ríthábhachtach le linn na tréimhse dúnta. Beidh tionchar suntasach ag tréimhse an fhoirgnimh ar fhostaithe a mbeidh orthu bogadh amach as an bhfoirgneamh agus obair a dhéanamh ar bhonn hibrideach ón mbaile agus ó spás oifige sealadach. Is é an ról a bheidh ag cumarsáid inmheánach le linn na tréimhse seo ná an cultúr dearfach tiomanta atá forbartha a chosaint agus a chinntiú go mbraitheann gach fostaí go bhfuil siad ar an eolas faoin tionchar ar bhealaí oibre agus ar dhul chun cinn na hathfhorbartha de réir mar a bhaintear garspriocanna amach.

I gcás ealaíontóirí agus lucht féachana, beidh sé tábhachtach nasc agus infheictheacht a choinneáil agus an chothromaíocht cheart a aimsiú idir cumarsáid a bhaineann le hathfhorbairt agus cumarsáid a dhéanamh ar an obair atá ag dul ar aghaidh maidir leis an mbailiúchán, taispeántais chamchuairte, cláir for-rochtana agus ábhar ar líne a bhainistiú agus a fhás.

Leis an tréimhse dúnta tá deis teachtaireachtaí dearfacha a fhorbairt, béim a chur ar dheiseanna méadaithe chun bailiúchán náisiúnta na n-amharcealaíon a roinnt agus taitneamh a bhaint astu go digiteach nó go pearsanta ag láithreacha camchuairte agus ionchais a thógáil maidir leis an áit agus an spás athchóirithe ina mbeidh an bailiúchán leathnaithe ó 2027.

## Cuspóir Straitéiseach

Feasacht a áirithiú ar fhor-rochtain agus ar obair leanúnach ar an mbailiúchán le linn na hathfhorbartha, ar dhul chun cinn na hathfhorbartha, agus ionchais a thógáil maidir le raon feidhme agus scála Ghailearaí Ealaíne Crawford amach anseo trí chumarsáid ilchainéil oscailte agus chuimsitheach a choinneáil le páirtithe leasmhara agus le fostaithe.

## Spriocanna:

- Prionsabail na hoscailteachta agus na trédhearcachta a leabú i ngach cumarsáid.
- Infheictheacht bhranda Ghailearaí Ealaíne Crawford a choinneáil le linn an dúnta.
- A áirithiú go bhfuil fostaithe go hiomlán ar an eolas maidir le hoiriúnuithe ar chleachtais oibre agus maidir le deiseanna chun leanúint de bheith ag obair le chéile.
- Oibriú le páirtithe leasmhara chun cumarsáid le lucht féachana nua agus le lucht féachana atá ann cheana a mhéadú trí chomhroinnt lena líonraí agus ar a gcainéil.
- A chinntiú go dtógfar ionchais maidir le gealltanas an Ghailearaí atógtha amach anseo, agus a bheith oscailte agus macánta faoin méid is féidir a dhéanamh le linn na tréimhse dúnta.

## Príomhghníomhaíochtaí Straitéiseacha:

| | |
|---|---|
| **Cumarsáid Inmheánach** | Straitéis cumarsáide inmheánach a fhorbairt chun línte oscailte cumarsáide a chothabháil a chinntíonn go bhfuil fostaithe ar an eolas go leanúnach faoi dhul chun cinn agus garspriocanna atá á mbaint amach maidir le cur i bhfeidhm straitéise, bainistíocht athraithe, AD, bealaí oibre, deiseanna forbartha gairmiúla, obair leanúnach comhghleacaithe maidir le cosaint an bhailiúcháin, an chlársceidealaithe, cumarsáid agus rannpháirtíocht lucht féachana agus páirtithe leasmhara agus nuashonruithe ar dhul chun cinn tógála. |
| **Cumarsáid Sheachtrach** | Plean cumarsáide seachtrach spriocdhírithe, deighilte a fhorbairt chun naisc atá ann cheana le healaíontóirí, alumni, lucht féachana agus foghlaimeoirí a choinneáil agus chun infheictheacht a choinneáil nó a chruthú le lucht féachana atá ann cheana agus le lucht féachana nua. Tá cumarsáid le cothromú idir infheictheacht an bhranda agus na próifíle, rochtain leanúnach ar an mbailiúchán trí thaispeántais chamchuairte, for-rochtain, agus/nó, nuashonruithe maidir le hobair sa chúlra atá ar siúl de shíor agus maidir leis an tionscadal athfhorbartha agus leis an gcomhaireamh go dtí an athoscailt. |
| **Straitéis tiomsaithe airgid** | Straitéis tiomsaithe airgid a cheapadh, chun naisc agus caidrimh a thógáil le daonchairde, urraitheoirí agus deontóirí áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta. |
| **Cruthú Ábhair** | Ábhar a chruthú ar fud na heagraíochta lena roinnt le comhghleacaithe, leis an mBord agus le lucht féachana seachtrach (ag brath ar an topaic). Comhoibriú le healaíontóirí, foghlaimeoirí, institiúidí cultúrtha eile, gnólachtaí turasóireachta, an pobal áitiúil agus gníomhaireachtaí agus eintitis a bhfuil baint acu le saol sóisialta agus sibhialta Chorcaí agus an réigiúin, chun ábhar a chruthú agus a chomhroinnt. Feachtais scéalaíochta digití a bheith ann. |
| **Rialachas** | Na leibhéil rialachais is airde a choinneáil i ndáil le formhaoirseacht ar athfhorbairt, maolú riosca agus bainistíocht riosca, dul chun cinn straitéisí agus pleananna agus trédhearcacht maidir le tuairisciú do chisteoirí ar fheidhmíocht agus pleanáil airgeadais agus oibríochtúil. |

# Tosaíochtaí Bliantúla



## 2024

Bliain 1: Tús a chur le forbairt straitéisí agus aistriú lasmuigh den láthair a bhainistiú

## 2025

Bliain 2: Deiseanna claochlaitheacha i réimsí tosaíochta straitéiseacha a shainiú, a iniúchadh agus a chomhaontú

## 2026

Bliain 3: Pleananna claochlaitheacha comhaontaithe a chur chun feidhme i réimsí tosaíochta straitéisí

## 2027

Bliain 4: Tairiscint agus eispéireas Ghailearaí Ealaíne Crawford a athshuíomh agus plean a dhéanamh chun filleadh ar an bhfoirgneamh agus ar an athoscailt

Nuálaíocht agus Claochlú I Comhar agus Pobal I Cumarsáid agus Ceangal

Thacaigh Crowe Consulting le Gailearaí Ealaíne Crawford chun an Straitéis seo a chomhordú agus a fhorbairt. www.crowe.ie

www.crowe.ie